Fiontar agus Scoil na Gaeilge, DCU

Treoir ghinearálta maidir le hobair do mheasúnú

Faofa ar 11.09.2018

Leagan isteach na hoibre

Is iad na modhanna aighnithe a mbaintear úsáid astu in Fiontar agus Scoil na Gaeilge ná (1) bíonn píosa oibre le leagan isteach go leictreonach ar Loop, (2) bíonn píosa oibre le leagan isteach mar chóip chrua nó (3) bíonn píosa oibre le leagan isteach go leictreonach ar Loop agus le leagan isteach mar chóip chrua. Cuirfidh an comhordaitheoir modúil/léachtóir in iúl do mhic léinn cé acu modh aighnithe atá i gceist do mhodúil ar leith.

Ba cheart cóipeanna crua de phíosaí oibre do mheasúnú a leagan isteach i mbosca na dtionscadal taobh amuigh d'oifig Fiontar agus Scoil na Gaeilge, AHC.S116, roimh an spriocdháta. Tá Oifig na Scoile ar Urlár 1, Teach na Sinsear, Campas na Naomh Uile.

Má iarrann an comhordaitheoir modúil/léachtóir ar mhic léinn píosa oibre a leagan isteach mar chóip chrua agus mar chóip leictreonach ar Loop agus má bhíonn éiginnteacht ann faoin am ag ar leagadh píosa oibre isteach, is é an t-am ag ar leagadh an obair isteach ar Loop a sheasfaidh.

Clúdach aistí na hOllscoile

Ba cheart clúdach aistí na hOllscoile a cheangal le cóip chrua de phíosa oibre do mheasúnú. Gheobhaidh mic léinn an clúdach aistí acu féin trí dhul go dtí https://www.dcu.ie/iss/Student-My-Page.shtml agus 'Academic, Exam and Placement Supports' a roghnú.

Bradaíl agus Ionracas Acadúil

Beidh polasaí na hOllscoile maidir le bradaíl agus ionracas acadúil i bhfeidhm. Féach https://www.dcu.ie/sites/default/files/policy/1_-_integrity_and_plagiarism_policy_ovpaa_v4.pdf

Córais thagartha

Is iad na córais thagartha a nglactar leo in Fiontar agus Scoil na Gaeilge ná Harvard, APA agus MHRA. Cuirfidh an comhordaitheoir modúil/léachtóir in iúl do mhic léinn cé acu córas tagartha atá le húsáid do phíosaí oibre i modúil ar leith. Moltar do mhic léinn leas a bhaint as Cite Them Right Online ar shuíomh idirlín leabharlann na hOllscoile maidir le ceartúsáid na gcóras tagartha. Féach https://www-citethemrightonline-com.dcu.idm.oclc.org/

Ba cheart gur i nGaeilge a bheadh focail agus giorrúcháin ar nós na samplaí thíos:

eag. – *ed*.; gan dáta - *no date;* luaite in - *cited in/quoted in* faighte – *retrieved/accessed*

Ba cheart ainm an fhoilsitheora agus an áit ar foilsíodh saothar a fhágáil sa teanga ina dtugtar iad sa saothar féin.

Obair dhéanach agus síneadh ama

Féach polasaí na Scoile maidir le obair dhéanach. Moltar go láidir do mhic léinn foirm R30 d'Imthosca Maolaitheacha (Extenuating Circumstances - R30 form) a leagan isteach go dtí an Chlárlann (Registry) má bhíonn cúinsí tromchúiseacha i gceist.

Cóipeanna cúltaca (*backup*)
Tá freagracht ar an mac léinn a dheimhniú go ndéanann sé/sí cóipeanna cúltaca dá c(h)uid oibre go rialta. Moltar cóipeanna cúltaca a dhéanamh go rialta i gcúpla áit – ar chipín cuimhne (USB) agus ar néalsheirbhís (cloud service), mar shampla.

Nóta: Cuirfidh an comhordaitheoir modúil/léachtóir in iúl do mhic léinn má tá treoracha eile i gceist do phíosaí oibre i modúil ar leith.